RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2043 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Deireadh Fómhair 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1755 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1755 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/1755.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle, ba cheart triúr a bhaint de liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. HUBÁČKOVÁ

([1]) IO L 257, 2.10.2015, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2), scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

— iontráil 1 (Godefroid BIZIMANA),

— iontráil 2 (Gervais NDIRAKOBUCA ailias NDAKUGARIKA),

— iontráil 4 (Léonard NGENDAKUMANA).